C/2024/6866

28.11.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An obair leantach maidir le hIdirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a neartú trí bhíthin treoirlínte faireacháin agus trédhearcachta

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6866)

Rapóirtéir: **Katrīna LEITĀNE**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	4.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	216/1/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga sa cheapadh beartas, san fhorbairt beartas agus sa chinnteoireacht ina cuid ríthábhachtach de dhaonlathas sláintiúil atá oiriúnach do gach glúin ([1]). Le go dtuigfear cad atá i gceist le sásraí rannpháirtíochta na hóige, ní mór dóibh a bheith trédhearcach do gach geallsealbhóir ([2]), rud a chothóidh muinín i measc na bpáirtithe agus na nglúnta uile ([3]). Ní mór leasanna agus ábhair imní daoine óga a mheas ag gach céim den timthriall ceaptha beartas, agus é á chur san áireamh gur faoi na Ballstáit den chuid is mó atá cúram an bheartais óige.

1.2. Aithnítear ar ndóigh gur féidir ionadaíocht dhaonlathach a dhéanamh ar dhaoine óga a bhfuil ceart vótála agus an ceart chun seasamh i dtoghcháin acu, agus go ndéanann eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an t-idirphlé sibhialta ionadaíocht thar a gceann freisin. Mar sin féin, tá iarrachtaí á ndéanamh ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Aontais Eorpaigh chun gnéithe den óige a neartú sa cheapadh beartas, mar shampla, an measúnú tionchair ó thaobh na hóige de (*an tseiceáil óige*) ([4]). Sásra eile is ea Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh (EUYD) a chuireann ar chumas daoine óga páirt a ghlacadh sna próisis dhaonlathacha ar leibhéal an Aontais.

1.3. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur cheart aon sásra maidir le rannpháirtíocht daoine óga a dhearadh i gcaoi is go seachnaítear forluí agus dúbailt cúraimí agus ról. Sa chreat sin, ba cheart do gach sásra um rannpháirtíocht daoine óga, amhail Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, daoine óga a rannpháirtiú i roghnú na n-ábhar agus i gcéimeanna an ullmhúcháin, an chur chun feidhme, an fhaireacháin, na meastóireachta agus an aiseolais. Ba cheart deis a bheith ag daoine óga freisin, i gcás inarb iomchuí, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí leantacha agus i gcinntí. Dá bhrí sin, ba cheart straitéisí faireacháin agus aiseolais ([5]) a bheith i bhfeidhm i ngach sásra um rannpháirtíocht daoine óga le go mbeidh siad siúd ar an eolas faoin tionchar a bhí ag a rannpháirtíocht ([6]), lena n-áirítear i bpróisis shásra Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh.

([1]) 567528-fit-for-generations-global-youth-report-highlights.pdf (oecd.org).
https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/47261953/PREMS+149821+GBR+2600+Study+on+Youth+political+participation+WEB+16x24+%281%29.pdf/d2ecb223-edda-a9d2-30f7-c77692a086bd.
https://app.box.com/s/e2stctnkiv14amhdugn12814cp1jx2ta.

([2]) https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/47261953/PREMS+149821+GBR+2600+Study+on+Youth+political+participation+WEB+16x24+%281%29.pdf/d2ecb223-edda-a9d2-30f7-c77692a086bd.
https://www.oecd.org/mena/governance/seven-key-findings-from-the-youth-governance-survey.pdf.

([3]) https://www.oecd.org/mena/governance/Young-people-in-OG.pdf.

([4]) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_24_86.

([5]) Straitéis Rannpháirtíochta na nÓg (salto-youth.net).

([6]) 0017-20_FINAL_Policy20Paper20on20Quality20Youth20Participation.pdf (youthforum.org)

1.4. Tá sé á mholadh ag CESE go mbunófar treoirlínte chun tacú leis an bhfaireachán ar Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus le haiseolas a chur ar fáil maidir leis na torthaí agus iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le bainistiú fadtéarmach, inbhuanaithe agus dea-fheidhmiúil an tsásra sin, lena n-áirítear próisis a bhunú maidir le cuimhne institiúideach a chruthú, rud a chuirfidh le hoscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht phróiseas an tsásra idirphlé.

1.5. Déanfar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag CESE sa sásra a fhiosrú a thuilleadh, mar shampla, trí bheith ina chomhpháirtí de Ghrúpa Geallsealbhóirí Óige an Aontais nó trí chomhoibriú leis an tír ag a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Stiúrtha Eorpach chun an nasc le heagraíochtaí na hóige agus rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sin sa sásra idirphlé a neartú.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Is sásra comhairleach é Idirphlé Óige an Aontais agus is í an fhoireann trí Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh a dhéanann é a chomhordú. An Ballstát a bhfuil an Uachtaránacht faoina stiúir, leagann sé síos tosaíochtaí agus stiúrann sé an próiseas chun Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme le linn a théarma sé mhí. Feidhmíonn an Grúpa Stiúrtha Eorpach mar ardán don fhoireann trí Uachtaránacht le go bhféadfaidh siad teacht le chéile go rialta agus próisis shásra Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a chomhordú. Tá Fóram Eorpach na nÓg ina bhall buan den Ghrúpa Stiúrtha agus cuireann sé tacaíocht riaracháin ar fáil. Bíonn comhairliúcháin agus gníomhaíochtaí eile Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh á stiúradh ag meithleacha náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta. Tá taighdeoirí óige a roghnaíodh trí ghlaonna oscailte ag tacú leis an modheolaíocht freisin agus tá anailís á déanamh acu faoi chuimsiú phróisis Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh ó 2017 i leith.

2.2. Is í Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 ([7]) an príomhdhoiciméad beartais uileghabhálach lena mbunaítear agus lena sainítear Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, mar aon leis na próisis agus na cuspóirí atá ann; léirítear go soiléir ann freisin go bhfuil Erasmus+ na hÓige ar cheann de phríomhshásraí cur chun feidhme Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh ([8]). Rinneadh meastóireacht eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh le déanaí ([9]) agus tá cleachtadh den chineál céanna ar siúl i gcás Erasmus+ na hÓige ([10]), arb é is aidhm dóibh araon a shuí cé na sásraí is fearr a cuireadh chun feidhme agus cé na coigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun spriocanna na dtionscnamh sin a bhaint amach ar bhealach níos fearr. Leagtar amach go sainráite sa rún lena mbunaítear próisis rialachais a bhfuil feidhm acu maidir le hIdirphlé Óige an Aontais (i mír 15) próiseas athbhreithnithe le haghaidh coigeartuithe iomchuí tar éis 2024 ([11]). Is deis é sin chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, eadhon an trédhearcacht agus an chuntasacht atá ann i leith daoine óga agus geallsealbhóirí eile. Thairis sin, tá sé ar cheann de spriocanna sainráite thimthriall reatha Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh (an 10ú timthriall) próisis Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a neartú agus a fhorbairt tuilleadh ([12]), agus luaitear go soiléir i dtuarascáil mheastóireachta atá ar fáil cheana féin gur cheart faireachán agus bailiú sonraí a dhéanamh mar chuid den fhorbairt bhreise ar an sásra sin ([13]).

2.3. Luaitear go soiléir sa rún lena mbunaítear creat oibríochtúil shásra Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh gur gá meastóireacht rannpháirtíochta a dhéanamh ar an timthriall, sin agus faireachán, agus an obair a leanann as, agus úsáid agus scaipeadh forleathan na dtorthaí a áirithiú ([14]). Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur Ballstáit éagsúla a chuireann Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh chun feidhme, rud a chiallaíonn go n-athraíonn an Ballstát atá i mbun chomhordú an tsásra gach sé mhí, sin mar gheall ar Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Leagtar amach sa Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh – Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 ([15]), an fhéidearthacht treoirlínte a leagan síos chun tacú le tíortha na hUachtaránachta faireachán a dhéanamh agus aiseolas a chur ar fáil go comhsheasmhach i ngach timthriall den sásra.

2.4. Tugtar le fios freisin sa Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le torthaí an 9ú Timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, go bhfuil gá le cur chuige aontaithe córasach maidir leis an bhfaireachán agus maidir le haiseolas a chur ar fáil ([16]).

([7]) IO C 456, 18.12.2018, lch. 1.
([8]) Féach mar shampla: https://erasmus-plus.ec.europa.eu/programme-guide/part-b/key-action-3/youth-together.
([9]) Tuarascáil ar an meastóireacht Eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais 2019-2027 (COM/2024/162 final).
([10]) https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13454-Meastoireacht-eatramhach-Erasmus+-2021-27-agus-meastoireacht-deiridh-Erasmus+-2014-20_ga.
([11]) IO C 189, 5.6.2019, lch. 1.
([12]) Mír 42: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9134-2023-INIT/ga/pdf.
([13]) https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/47261884/Review+of+the+9+cycles+of+the+EU+Youth+Dialogue+%282010-2022%29+executive+summary.pdf/b95d939d-ffd2-382c-68f7-5597557d4e20?t=1708012066530.
([14]) Mír 9D: IO C 189, 5.6.2019, lch. 1.
([15]) *Resolution of the Council and of the representatives of the Member States meeting within the Council establishing guidelines on the governance of the EU Youth Dialogue*, pointe 9.
([16]) Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le torthaí an 9ú Timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, míreanna 12 agus 19: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9134-2023-INIT/ga/pdf.

2.5. Thacaigh Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh le déanaí le cinntí tábhachtacha i dtaobh an fhaireacháin agus aiseolas a chur ar fáil i dtaobh na dtorthaí. Ar cheann de thorthaí an 10ú timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh glacadh Conclúidí ón gComhairle maidir le Sochaithe Cuimsitheacha do Dhaoine Óga i mí na Bealtaine 2024, inar cuireadh i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar an obair leantach ar Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an idirphlé (mír 47). Ina theannta sin, d'eagraigh Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh cruinniú de Chomhairle Óige an Aontais inar tugadh le chéile Airí Óige na 27 mBallstát, ionadaithe institiúidí an Aontais, agus ionadaithe ó chomhairlí náisiúnta na n-óg agus ó Fhóram Eorpach na nÓg. Pléadh an tacaíocht chun sásraí faireacháin agus aiseolais a bhunú trína mbaileofaí torthaí Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus trína scaipfí na torthaí sin ar dhaoine óga agus chuir na rannpháirtithe in iúl gur dhíol mór sásaimh dóibh an tacaíocht sin.

2.6. Iarrann CESE ar an gComhairle agus ar ionadaithe Rialtais na mBallstát, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, machnamh a dhéanamh ar chur chuige aontaithe córasach maidir leis an bhfaireachán ar Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus maidir le haiseolas a chur ar fáil faoi na torthaí i bhfoirm treoirlínte. Aithníonn CESE go bhfuil sé d'acmhainn ag na treoirlínte sin tacú le cuspóirí an tsásra a bhaint amach agus cur leis an oscailteacht, an trédhearcacht agus an chuntasacht i leith na mílte daoine óga a ghlacann páirt i bpróisis Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, agus i leith na milliún daoine eile a bhfuil leas acu sna torthaí agus sa tionchar. Tá sé d'acmhainn acu freisin bonn a chruthú chun faireachán fadtéarmach leanúnach a dhéanamh ar Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus chun meastóireachtaí a dhéanamh ar an gcáilíocht, rud a chuireann leis an gceapadh beartas fianaisebhunaithe agus le forbairt fhianaisebhunaithe a dhéanamh ar an sásra sna blianta amach romhainn.

2.7. D'fhonn na spriocanna thuasluaite maidir le trédhearcacht agus rannpháirtíocht fhóinteach sa sásra a bhaint amach, iarrann CESE ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, na bearta is gá a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar bheartais agus ar thorthaí eile agus ar an tionchar, agus aon fhaisnéis a bhailítear a chur ar fáil do dhaoine óga. Áirítear ar aidhmeanna an fhaireacháin agus an aiseolais tacú le feasacht a mhúscailt maidir le torthaí agus tionchar an tsásra, saineolas daoine óga a mhéadú agus a dhoimhniú sna hábhair a bpléitear leo sa sásra, bonn a chur ar fáil d'iarrachtaí meastóireachta éagsúla a bhfuil baint acu leis an sásra, cur le trédhearcacht na bpróiseas daonlathach san Aontas Eorpach agus muinín a chothú idir daoine óga agus na hinstitiúidí daonlathacha. Tá na haidhmeanna sin go léir i gcomhréir leis na cinntí atá á ndéanamh faoi láthair ([17]).

2.8. Agus an tuairim féintionscnaimh seo á dréachtú, eagraíodh suirbhé arna cheapadh ag comhairleoir agus rapóirtéir na tuairime, babhtaí bailithe tuairimí, comhairliúcháin le daoine aonair agus le grúpaí, mar aon le cruinnithe éagsúla den ghrúpa staidéir in CESE. Leis na gníomhaíochtaí sin uile, tugadh le chéile gníomhaithe ábhartha an tsásra, e.g. comhairlí náisiúnta na n-óg, ionadaithe na mBallstát a bhfuil baint acu le hUachtaránachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ionadaithe ó institiúidí an Aontais (e.g. Comhordaitheoir Eorpach na hÓige), saineolaithe cumarsáide agus anailíse (e.g. Eurodesk, taighdeoirí i réimse na hóige a bhfuil baint acu leis an sásra) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta óige (e.g. Fóram Eorpach na nÓg).

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tacú le bainistiú fadtéarmach inbhuanaithe fónta a dhéanamh ar shásra Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear próisis a bhunú chun cuimhne institiúideach a chruthú agus fothú acmhainneachta a chothú. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí rúnaíocht fhadtéarmach ar leith a bhunú chun tacú le próisis an tsásra le linn na nUachtaránachtaí éagsúla agus trí shaineolas, riarachán, bainistiú sonraí agus seirbhísí fothaithe acmhainneachta, fiú, a chur ar fáil ar bhonn leanúnach maidir leis an sásra le haghaidh an Ghrúpa Stiúrtha. D'fhéadfadh an rúnaíocht sin cur le saineolas na ngníomhaithe ábhartha a bhfuil lámh acu cheana féin i bpróisis shásra Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, mar shampla trí chomhlacht idirnáisiúnta faoi stiúir na hóige a chruthú ina mbeadh saineolas ábhartha faoin sásra (e.g. gníomhaithe oilte, amhail Fóram Eorpach na nÓg), comhlacht saineolaithe um fhaisnéis don óige (e.g. eagraíochtaí a bhfuil cuntas teiste den scoth acu maidir le faisnéis a chur ar fáil do dhaoine óga ar an leibhéal Eorpach, amhail Eurodesk) agus ionadaí ón gCoimisiún Eorpach (e.g. gníomhaí a bhfuil taithí aige amhail Comhordaitheoir Eorpach na hÓige).

([17]) Tuarascáil ar an meastóireacht Eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 (COM/2024/162 final).

3.2. Creideann CESE gur cheart faireachán a dhéanamh ar thorthaí beartais an tsásra ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. Ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh bailiú faisnéise ní b'fhearr feabhas a chur ar an obair leantach ar ghníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann leis an sásra. Chun na críche sin, d'fhéadfaí an fhaisnéis seo a leanas a thiomsú: doiciméid bheartais a cruthaíodh mar thoradh ar an sásra (e.g. conclúidí agus rúin ón gComhairle); doiciméid bheartais a thógann ar thorthaí an tsásra (e.g. pleananna gníomhaíochta, straitéisí, tionscnaimh bheartais agus bearta); agus díospóireachtaí beartais a thógann ar an sásra nó ar cuireadh tús leo mar thoradh ar an sásra (e.g. plé i gcruinnithe d'ardstiúrthóirí na hóige, plé ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, etc.). Tá sé de chumas ag Comhordaitheoir Eorpach na hÓige, a oibríonn laistigh den Choimisiún i gcomhar le hUachtaránachtaí na Comhairle, faireachán a dhéanamh ar na torthaí thuasluaite ar leibhéal an Aontais, agus ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun tacú leis an gComhordaitheoir sa chúram sin. Ar leibhéal na mBallstát, d'fhéadfaí an fhaisnéis seo a leanas a thiomsú: doiciméid bheartais a bhaineann le torthaí an tsásra, nó a chuireann leis na torthaí sin (e.g. beartais, straitéisí, pleananna gníomhaíochta náisiúnta, etc.). D'fhéadfaí an leibhéal réigiúnach a áireamh san fhaireachán freisin, i gcás inarb ábhartha, go háirithe i gcás ina bhfuil na réigiúin freagrach as réimsí beartais áirithe. D'fhéadfaí bearta ceangailteacha agus bearta neamhcheangailteacha araon a áireamh san fhaireachán. Ina theannta sin, baineann tábhacht ar leith le soiléireacht na ról agus na bhfreagrachtaí i bhfianaise chastacht Idirphlé Óige an Aontais. Is maith is féidir le meithleacha náisiúnta Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh tabhairt faoi fhaireachán a dhéanamh ar thorthaí an tsásra ar an leibhéal náisiúnta, agus ba cheart acmhainní leordhóthanacha agus treoir leormhaith a chur ar fáil chun tacú leis na meithleacha náisiúnta sa chúram sin ([18]). Ar an gcaoi chéanna, tá Fóram Eorpach na nÓg in ann tacú leis an nGrúpa Stiúrtha chun an faireachán ar an sásra a chomhordú.

3.3. I gcás gach doiciméid a bhailítear, d'fhéadfaí cur síos gairid a dhéanamh air i meabhrán a bheadh ag gabháil leis ina dtabharfaí na sonraí seo a leanas: ainm an doiciméid, an t-údar (e.g. comhlacht ar leith in aireacht náisiúnta nó i roinn in institiúid Eorpach) agus ábharthacht. Maidir le 'ábharthacht', d'fhéadfaí cur síos gairid a dhéanamh ar an nasc idir doiciméad ar leith agus próisis nó torthaí an tsásra, an chaoi a dtógann an doiciméad ar thorthaí eile nó an nasc atá aige le torthaí eile faoin sásra, agus cibé an ceangailteach nó neamhcheangailteach atá sé.

3.4. D'fhéadfaí faisnéis maidir le torthaí breise a thiomsú freisin i réimse na rannpháirtíochta polaitiúla i measc an aosa óig. D'fhéadfaí a áireamh ar na torthaí sin gníomhaíochtaí arna n-eagrú do dhaoine óga agus ag daoine óga i ndáil le torthaí nó próisis bheartais an tsásra (e.g. físeáin oideachais), athruithe struchtúracha ar phróisis rannpháirtíochta polaitiúla na hóige atá nasctha leis (e.g. comhar níos struchtúrtha agus níos minice idir comhlachtaí agus aireachtaí óige) agus gníomhaíochtaí leantacha cur chun feidhme (e.g. tionscadail faoi Phríomhghníomhaíocht 3 Erasmus+ a bhaineann le torthaí an tsásra). Tabharfar torthaí rannpháirtíochta ar na torthaí sin d'fhonn idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na torthaí beartais a bhfuil tuairisc orthu sna míreanna roimhe seo.

3.5. D'fhéadfaí faisnéis a thiomsú maidir le torthaí shásra Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh ag eatraimh réamhshocraithe (e.g. uair amháin le linn gach Uachtaránachta ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, nó uair amháin sa bhliain) agus d'fhéadfaí díriú ar thimthriallta uile an tsásra – an ceann roimhe sin chomh maith leis an gceann reatha. Fágann sin go gcruthaítear deis an beartas agus torthaí eile a rianú, mar atá beartais agus torthaí atá nasctha le timthriall áirithe de chuid an tsásra ach a cruthaíodh tar éis don timthriall ar leith a bheith tugtha chun críche.

3.6. Bhunófaí stór ar líne ina gcuirfí doiciméid arna mbailiú ar fáil i gcomhréir leis na hardáin atá ann cheana ([19]) agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas is déanaí maidir le cur i láthair sonraí oscailte. D'fhéadfaí freagracht a chur ar shainchomhlacht i réimse na faisnéise don óige (e.g. eagraíochtaí a bhfuil cuntas teiste den scoth acu maidir le faisnéis a chur ar fáil do dhaoine óga ar an leibhéal Eorpach, amhail Eurodesk) as an stór a bhunú agus a chothabháil, ach acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chuige sin. Ba cheart an stór a bheith áisiúil, oscailte, saor in aisce, inchuardaithe agus ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta go rialta; ba cheart na doiciméid arna mbailiú agus na meabhráin a ghabhann leo a bheith ar fáil lena n-íoslódáil sa stór. D'fhéadfadh sé go bhféadfaí an stór a úsáid le haghaidh torthaí ó phróisis rannpháirtíochta eile de chuid na n-óg ar leibhéal an Aontais, mar shampla painéil saoránach agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige CESE, agus an stór a bheith lárnach i gcomhordú agus i bhforbairt eolais i sásraí éagsúla rannpháirtíochta de chuid na n-óg ar leibhéal an Aontais. Chruthófaí leis an stór bonn fianaise agus sonraí chun na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu thíos a scaipeadh agus a chur in iúl, lena n-áirítear meastóireachtaí éagsúla, ullmhúcháin le haghaidh thimthriallta an tsásra amach anseo, tuarascálacha achoimre amhail tuarascáil thríbhliantúil an Aontais ar an óige, agus obair comhlachtaí tiomnaithe don óige, amhail Grúpa Geallsealbhóirí Óige an Aontais, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin ([20]). D'fhéadfaí straitéis chumarsáide a fhorbairt chun feasacht ar an stór ar líne a ardú i measc gheallsealbhóirí shásra Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus i measc daoine óga agus eagraíochtaí óige i gcoitinne chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an stór féin, rud a thacóidh le cur chun feidhme na moltaí ó thimthriallta a bhí ann sna blianta a caitheadh ([21]).

([18]) I gcomhréir leis na díospóireachtaí reatha, féach seasamh Fhóram Eorpach na nÓg: https://www.youthforum.org/policy-library/eu-youth-dialogue-grants.

([19]) Comhairle na hEorpa https://www.coe.int/en/web/youth/official-documents.
Tairseach Eorpach na hÓige https://youth.europa.eu/strategy/library_ga.
Tairseach Eorpach na hÓige maidir le hIdirphlé Óige an Aontais https://youth.europa.eu/get-involved/eu-youth-dialogue/previous-eu-youth-dialogue-consultations_ga.
Liosta Chomhairle an Aontais Eorpaigh de na Conclúidí ón gComhairle https://www.consilium.europa.eu/en/documents-publications/public-register/council-concl/.
Ardán Vicí don Óige https://national-policies.eacea.ec.europa.eu/youthwiki.

([20]) Is é an Coimisiún Eorpach a bhunóidh Grúpa Geallsealbhóirí Óige an Aontais Eorpaigh: https://youth.europa.eu/strategy/euyouthstrategygroup_ga.

([21]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – *the Interim Evaluation of the EU Youth Strategy 2019-2027* [an Mheastóireacht Eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027] (SWD/2024/90 final).

3.7. Is é an Grúpa Stiúrtha Eorpach ba cheart an faireachán ar thorthaí an tsásra a chomhordú. I gcomhréir le ról an Ghrúpa Stiúrtha mar a sainíodh é i Rún 2019, d'fhéadfadh freagracht a bheith air as sonraí a bhailiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa, próiseas ina mbeadh páirt freisin ag na geallsealbhóirí a liostaítear thíos. D'fhéadfadh an Grúpa Stiúrtha a bheith freagrach freisin as próiseáil agus foilsiú sonraí, agus d'fhéadfadh rúnaíocht fhadtéarmach nuabhunaithe a bheith aige mar thacaíocht freisin (féach mír 3.2) Ba cheart acmhainní iomchuí a chur ar fáil don rúnaíocht fhadtéarmach nuabhunaithe chun na cúraimí sin a chur i gcrích.

3.8. D'fhéadfaí faireachán a dhéanamh ar thionchar an tsásra i gcomhar le geallsealbhóirí atá ann faoi láthair amhail Eurostat agus comhlachtaí ábhartha eile. Maidir le staidreamh Eurostat a bhaineann le torthaí an tsásra, e.g. pleananna gníomhaíochta nithiúla, agus beartais agus tionscnaimh atá curtha chun feidhme cheana féin, d'fhéadfadh an Grúpa Stiúrtha iad a thuairisciú ar bhonn rialta agus iad a thabhairt cothrom le dáta sa chuid lena mbaineann den stór ar líne. D'fhéadfadh an Grúpa Stiúrtha tuarascálacha meastóireachta agus foilseacháin eile ina dtomhaistear an tionchar a bhíonn ag beartais éagsúla a bhaineann le sásra Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a thiomsú trí na bealaí a luaitear thuas agus iad a fhoilsiú sa chuid lena mbaineann den stór ar líne.

3.9. Ba cheart eagraíochtaí a bhfuil cuntas teiste den scoth acu maidir le faisnéis a chur ar fáil do dhaoine óga ar an leibhéal Eorpach, amhail Eurodesk, a bheith páirteach i scaipeadh na faisnéise maidir le torthaí agus tionchar an tsásra, agus leas a bhaint as a n-acmhainneachtaí, sin agus tacú leo chun saineolas teicniúil a choinneáil agus acmhainneachtaí breise a fhorbairt. D'fhéadfaí straitéis thiomnaithe chumarsáide agus aiseolais a chur i bhfeidhm, agus na hacmhainní iomchuí á cur ar fáil di. Le straitéis chumarsáide agus aiseolais ar leith, d'fhéadfaí cumarsáid fhadtéarmach chomhleanúnach agus chomhsheasmhach maidir le hIdirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a áirithiú, rud a bheadh ina thacaíocht don sásra faoi Uachtaránachtaí éagsúla Chomhairle an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfadh sé a bheith mar aidhm leis an straitéis chumarsáide agus aiseolais faisnéis a scaipeadh faoi thorthaí agus tionchar an tsásra, cur leis an bhfeasacht ar phróisis Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh i measc daoine óga i gcoitinne (e.g. i gcomhar le hearnálacha ábhartha eile, amhail oideachas foirmiúil), daoine nua a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróisis Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh ar an leibhéal náisiúnta (e.g. mar chuid de chomhairliúcháin náisiúnta) agus ar leibhéal na hEorpa (e.g. le linn Chomhdhálacha Óige an Aontais agus trí thacú le gníomhaíochtaí aiseolais institiúidí an Aontais) agus tacú le hacmhainneachtaí a fhorbairt i meithleacha náisiúnta an tsásra. Le straitéis chumarsáide agus aiseolais an tsásra, ba cheart leas a bhaint as modhanna, formáidí agus ardáin chumarsáide éagsúla, agus ba cheart tacú le gníomhaithe ar an leibhéal náisiúnta i gcáil éascaitheoirí agus úsáid a bhaint as formáidí cuimsitheacha, teanga chuimsitheach agus modhanna cur chuige cuimsitheacha.

3.10. D'fhéadfaí anailísí agus achoimrí ar an dul chun cinn faoi chuimsiú Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a ullmhú ar bhonn rialta, i gcás timthriall ar leith (i.e. faoi fhoireann trí Uachtaránacht amháin ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh) agus san fhadtéarma (e.g. ag díriú ar ábhar nó ar réimse beartais ar leith thar thimthriallta éagsúla). D'fhéadfadh an Grúpa Stiúrtha Eorpach agus an comhlacht saineolaithe a bheadh ag cur straitéis chumarsáide agus aiseolais an tsásra chun feidhme an méid sin a chomhordú agus gníomhaithe éagsúla a bheith páirteach ann, mar shampla taighdeoirí ó Dhíorma Taighdeoirí Óige na hEorpa, arna gcomhordú ag Comhpháirtíocht na hÓige de chuid an Aontais Eorpaigh-Comhairle na hEorpa, agus taighdeoirí agus saineolaithe arna sainaithint trí ghlaonna oscailte ar thairiscintí, i gcomhar le Eurostat agus comhlachtaí saineolaithe eile ar leibhéal an Aontais (e.g. SALTO Participation and Information), sin agus ar bhealaí eile freisin.

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE